Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0134 (COD)**

**9966/1/17**
**REV 1 ADD 1**

**CODEC 978**
**VISA 213**
**COMIX 413**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1683/95 ón gComhairle lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh víosaí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón Ríocht Aontaithe**

Tugann an Ríocht Aontaithe dá haire gur glacadh an Dréachtrialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1683/1995 ón gComhairle lena leagtar síos formáid aonfhoirmeach le haghaidh víosaí. Measann an Ríocht Aontaithe nach beart é an Rialachán sin a chuireann le acquis Schengen don Ríocht Aontaithe, mar leasaítear leis beart a glacadh sular ionchorpraíodh acquis Schengen i ndlí an Aontais agus nár liostaíodh mar chuid de acquis Schengen. Measann an Ríocht Aontaithe ós rud é go dtagann an Rialachán laistigh de raon feidhme Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh gur cheart go mbeadh feidhm ag Prótacal (Uimh. 21) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais i ndáil leis an Rialachán seo.